



An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

Breithmheas Boird le haghaidh Carthanas Chasta

Séanadh Dlíthiúil

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Réamhrá

Gné riachtanach de rath aon charthanais is ea dea-rialachas. Is é atá i gceist le dea-rialachas ná córais agus próisis a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbaineann carthanais a chuspóirí carthanúla amach le hionracas agus go mbainistítear é ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, cuntasach agus trédhearcach.

Ceann de na bealaí is éifeachtaí inar féidir le carthanais feabhas a chur ar rialachas agus barr a gcumais a bhaint amach is ea a mbord iontaobhaithe carthanais a fheabhsú agus a fhorbairt.

Aithnítear é sin sa [Chód Rialachais do Charthanais](#), ina moltar na nithe seo a leanas:

Carthanais Neamhchasta	
Croíchaighdeán 5.9	“Ó am go chéile, athbhreithnigh an dóigh a n-oibríonn do bhord agus déan aon fheabhsuithe a theastaíonn.”
Carthanais Chasta	
Caighdeán Breise 5.13	“Déan athbhreithniú go rialta agus déan measúnú ar na nithe seo a leanas lena linn: <ul style="list-style-type: none">• A éifeachtaí atá do bhord ina iomláine, na sealbhóirí oifige agus na hiontaobhaithe carthanais aonair;• An dóigh a bhfuiltear ag cloí le cód iompair an bhoird; agus• Struchtúr, méid, comhaltas agus téarmaí tagartha aon fhochoistí.”
Caighdeán Breise 5.14	“Déan iniúchadh go rialta ar scileanna agus cuir oiliúint agus forbairt chuí ar fáil d’iontaobhaithe carthanais. Más gá, earcaigh daoine chun aon bhearnaí inniúlachta a líonadh ar bhord do charthanais.”

Is é cuspóir an doiciméid seo treoir a sholáthar maidir le conas cultúr meastóireachta/foghlama boird a bhaint amach i ndáil leis na cúig réimse seo a leanas:

- Breithmheas boird;
- Athbhreithnithe feidhmíochta ar iontaobhaithe aonair;
- Meastóireacht ar an gCathaoirleach;
- Iniúchadh ar scileanna; agus
- Plean forbartha.

Breithmheas boird

Ar leibhéal praiticiúil, is é atá i gceist le breithmheas éifeachtach boird ná measúnú rialta a dhéanamh ar cé chomh maith agus a bhíonn an bord iontaobhaithe carthanais ag feidhmiú i ndáil leis na dualgais dhlíthiúla agus na freagrachtaí dlíthiúla atá air agus i ndáil lena rannchuidiú le rath an charthanais. B'fhearr go ndéanfaí an measúnú sin uair amháin sa bhliain.

Is é is aidhm do bhreithmheas boird ná feabhas leanúnach a chur ar rialachas, seachas daoine aonair a mheas. Is é an toradh ba cheart a bheith air ná gníomhartha a chuireann feabhas ar an gcumas atá ag iontaobhaithe carthanais rannchuidiú le hobair an bhoird ina iomláine.

Is iad seo a leanas na príomhthairbhí a bhaineann le breithmheas boird:

- Cabhraíonn sé le láidreachtaí comhchoiteanna an bhoird a shainaitheint agus gníomhaíonn sé mar shásra trínar féidir aon réimsí eile ar gá aird a thabhairt orthu a phlé, amhail an gá le tuilleadh faisnéise, eolais nó oiliúna a sholáthar nó an gá le tuilleadh daoine a earcú chuig an mbord;
- Cabhraíonn sé le hiontaobhaithe carthanais tuiscint chomhroinnte a ghnóthú ar conas rialachas cuí a bhaint amach agus cur leis an muinín chomhchoiteann atá acu go mbíonn dualgais rialachais á gcomhlíonadh agus gur féidir aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna trí phlean forbartha atá comhaontaithe go comhchoiteann;
- Ceanglaíonn sé ar iontaobhaithe carthanais cuntas a thabhairt ar a bhfeidhmíocht féin;
- Cabhraíonn sé le cultúr foghlama agus cuntasachta a chruthú agus a chothabháil san eagraíocht trí cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla;
- Cabhraíonn sé lena admháil cé na nithe a mbíonn ag éirí leo agus le sainaitheint a dhéanamh ar ghníomhartha le haghaidh

feabhais;

- Cabhraíonn sé leis na comhaltaí boird tuiscint chomhroinnte a ghnóthú ar cad is dea-fheidhmíocht rialachais ann; agus
- Cabhraíonn sé leis an mbord agus, ar an mbealach sin, leis an eagraíocht bheith níos éifeachtaí.

Conas breithmheas boird a dhéanamh agus cén uair ba cheart breithmheas boird a dhéanamh

Is é/í Cathaoirleach an bhoird a thionscnaíonn an próiseas de ghnáth, tar éis an ní a phlé ag cruinniú boird. Is féidir an breithmheas a dhéanamh mar chleachtadh féinmheasúnaithe nó is féidir le duine ó áit lasmuigh den eagraíocht é a dhéanamh – tá gnólachtaí seirbhíse gairmiúla ann a dhéanann speisialtóireacht i dtreoir a sholáthar maidir le breithmheasanna boird nó i gcúnamh a thabhairt le linn breithmheasanna boird. Moltar go ndéanfadh boird athbhreithnithe inmheánacha gach bliain agus go bhfaigheadh carthanais chasta cúnamh seachtrach le linn na meastóireachta gach trí bliana.

Déanann carthanais áirithe athbhreithniú iomlán gach trí bliana, agus iad ag díriú ar ghnéithe ar leith gach bliain. Áirítear leis na gnéithe sin pleanáil chomharbais, cleachtais earcaíochta, éifeachtacht fochoistí, cleachtais chruinnithe, lena n-áirítear páipéir chruinnithe, miontuairiscí ar chruinnithe agus cláir oibre do chruinnithe, an caidreamh idir an bord agus an fhoireann feidhmiúcháin/an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus iompraíocht an bhoird.

Cur chuige simplí i leith measúnú boird is ea ceistneoir a scaipeadh ar iontaobhaithe carthanais lena chomhlánú. Tá sé tábhachtach go gcumasófaí do chomhaltaí boird an ceistneoir a chomhlánú ar bhonn anaithnid ionas gur féidir leis na hiontaobhaithe bheith oscailte agus trédhearcach agus freagraí á dtabhairt acu. Ba cheart réimse saorthéacs/tuairimí a sholáthar mar chuid den bhreithmheas (féach Aguisín 1 chun amharc ar roinnt de na príomhcheisteanna a chuirtear le linn measúnú breithmheasa boird de ghnáth).

Is féidir na torthaí a thiomsú agus a chur i láthair an bhoird lena bplé ansin. Tar éis do charthanas tabhairt faoin bpróiseas breithmheasa boird, tá sé ríthábhachtach go ngníomhófaí de bhun thoradh an bhreithmheasa agus go n-úsáidfí an toradh chun forbairt amach anseo an charthanais a phleanáil (féach an rannán dar teideal Plean Forbartha thíos). Moltar go láidir go ndéanfaí athbhreithnithe rialta ar bhreithmheasanna boird mar chuid de phleanáil agus forbairt straitéiseach an bhoird.

Moltar go dtabharfaí 10 lá oibre ar a mhéad do chomhaltaí boird chun freagra a thabhairt ar an gceistneoir agus go seolfaí meabhrúchán chucu uair amháin ar a laghad le linn na tréimhse ama sin.

Athbhreithnithe feidhmíochta ar iontaobhaithe carthanais aonair

Dírítear sa chomhpháirt seo ar fheidhmíocht agus rannchuidiú na n-iontaobhaithe carthanais aonair, áit a ndéanann siad measúnú ar a bhfeidhmíocht féin mar chomhaltaí den bhord agus a bpléann siad é sin leis an gCathaoirleach. Le linn athbhreithnithe feidhmíochta ar iontaobhaithe carthanais aonair, ba cheart spreagadh a thabhairt dóibh labhairt go hoscailte faoi na réimsí nach bhfuil siad chomh muiníneach céanna iontu – réimsí amhail airgeadas nó sainréimse eile, b'fhéidir – agus faoi na réimsí a mbraitheann siad, mar gheall ar na scileanna agus an taithí atá acu, gur féidir leo rannchuidiú méadaithe a dhéanamh iontu – mar shampla, nithe teicneolaíochta faisnéise. Chomh maith leis sin, cabhraíonn na hathbhreithnithe le hiontaobhaithe carthanais machnamh a dhéanamh ar an rannchuidiú a rinne siad leis an mbord agus ar an tionchar a bhí acu ar na caighdeáin rialachais atá i bhfeidhm sa charthanas.

Is iad seo a leanas na príomhthairbhí a bhaineann le hathbhreithnithe feidhmíochta ar iontaobhaithe carthanais aonair:

- An bord a chumasú aithne a chur ar na hiontaobhaithe carthanais lasmuigh de

chruinnithe boird;

- Sainaithint a dhéanamh ar scileanna, eolas agus taithí nárbh eol don bhord cheana féin iad a bheith ina seilbh aige;
- Aiseolas a lorg ar fheidhmíocht an Chathaoirligh.

Is féidir leo cabhrú le pleanáil chomharbais an bhoird freisin trí dhíospóireacht a éascú ar thuairimí na n-iontaobhaithe ar a dtodhchaí ar an mbord, i.e. cé acu atá nó nach bhfuil aon spéis acu sa ról mar chathaoirleach, mar rúnaí nó mar chisteoir agus cá fhad a fhónfaidh siad ar an mbord, lena n-áirítear cé acu a leanfaidh nó nach leanfaidh siad ar aghaidh tar éis dheireadh a dtéarma chomhaontaithe.

I bhformhór na gcásanna, is ar bhonn duine le duine a dhéanfaidh an Cathaoirleach na hathbhreithnithe ar iontaobhaithe aonair. Féadfaidh an Cathaoirleach an cúram sin a shannadh d'iontaobhaí eile nó d'fhochoiste rialachais an bhoird (más ann dó), áfach.

Ar dtús, ba cheart don Chathaoirleach am a shocrú chun bualadh le gach iontaobhaí. Cuir an t-iontaobhaí ar an eolas faoi chuspóir an chomhrá roimh ré chun deis a thabhairt dó/di smaoineamh faoi aon saincheisteanna ba mhaith leis/léi a phlé. D'fhéadfadh gurbh fhiú an comhrá a bhunú ar thacar ceisteanna níos dírithe (féach Aguisín 4 chun amharc ar cheisteanna atá le breithniú ag an gCathaoirleach agus ag an iontaobhaí roimh an gcruinniú athbhreithnithe agus ag an gcruinniú féin).

B'fhéarr go dtiomsódh an Cathaoirleach na príomhghnéithe de thorthaí na n-athbhreithnithe (gan na hiontaobhaithe aonair a shainaithint) agus go gcuirfí na gnéithe sin san áireamh sa phlean forbartha foriomlán ansin.

Meastóireacht ar an gCathaoirleach

Is gnách go mbíonn nasc ann idir feidhmíocht an Chathaoirligh agus feidhmiú an bhoird ina iomláine, mar aon le feidhmíocht gach iontaobhaí carthanais aonair. Tá sí ina cuid riachtanach den bhreithmheas boird, mar sin.

Ba cheart do na hiontaobhaithe carthanais uile ar an mbord rannchuidiú leis an meastóireacht ar fheidhmíocht an Chathaoirligh.

Cuid lárnach de ról an Chathaoirligh is ea cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe boird. Moltar go dtapódh an Cathaoirleach an deis ag deireadh gach cruinnithe chun machnamh a dhéanamh ar an gcruinniú agus ar cad a baineadh amach lena linn (féach Aguisín 5 chun amharc ar an mBileog Meastóireachta ar Chruinnithe Boird, rud is féidir a chomhlánú ag gach cruinniú boird agus a chur faoi bhráid Rúnaí an Bhoird ansin).

Is féidir leis an gCathaoirleach an deis a thapú freisin chun aiseolas neamhfhoirmiúil a lorg ar a f(h)eidhmíocht féin le linn an phróisis athbhreithnithe ar iontaobhaithe aonair.

Is féidir go mbeidh ról ag gníomhaireachtaí seachtracha freisin maidir le meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chathaoirligh. Áirítear iad seo a leanas leis na mórpharaiméadair le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht Chathaoirleach an bhoird:

- Bainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh leis na hiontaobhaithe carthanais ar an mbord agus leis an lucht ardbhainistíochta/ leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin;
- Tréithe ceannaireachta a léiriú;
- Cumarsáid a dhéanamh leis an mbord;
- Cultúr a chothú a chinntíonn gur féidir le hiontaobhaithe aon fhadhbanna nó aon ábhair inní atá acu a chur in iúl;
- Díospóireacht chuiditheach agus cinnteoireacht éifeachtach a chur chun cinn ar an mbord;
- A chinntiú go dtugtar deis do gach iontaobhaí carthanais rannchuidiú a dhéanamh;
- Muinín leas-sealbhóirí a chothú as an mbord; agus

- Tréithe pearsanta a léiriú, amhail ionracas, macántacht agus eolas.

Iníúchadh ar scileanna

Oibríonn an bord mar fhoireann éifeachtach, agus leas á bhaint aige as an gcothromaíocht chuí scileanna, eolais agus taithí chun cinntí eolacha a dhéanamh.

Cleachtadh luachmhar is ea léargas a ghnóthú ar scileanna an bhoird, toisc go dtugann sé don bhord an fhaisnéis a theastaíonn uaidh chun a mheas cén tionchar a bheidh ag aon bhearnaí scileanna a thiocthaidh chun cinn, de réir mar a éiríonn iontaobhaithe carthanais as nó mar a thagann dúshlán nua roimh an eagraíocht. Cabhraíonn Clár Scileanna bunaithe le planáil chomharbais chomh maith. Cabhraíonn sé freisin le carthanais a mheas cén fhorbairt agus oiliúint a theastaíonn ó chomhaltaí boird faoi láthair nó a theastóidh uathu sa todhchaí.

Is féidir na trí chéim seo a leanas a thógáil chun iníúchadh a dhéanamh ar scileanna:

Céim 1 - Sainaithin na scileanna, an t-eolas agus an taithí a theastaíonn ón mbord chun gur féidir leis cuspóirí an charthanais a bhaint amach. Beidh na nithe sin ag brath ar mhéid agus castacht na heagraíochta agus ar chuspóir carthanúil agus aidhmeanna carthanúla an charthanais (féach Aguisín 2: “Maitrís shamplach scileanna comhaltaí boird”). Is féidir gur fiú sainchuntais shoiléire ról a chur i bhfeidhm ar dtús.

Céim 2 – Sainaithin na scileanna, an t-eolas agus an taithí atá ag comhaltaí boird aonair (féach Aguisín 3: “Iníúchadh samplach ar scileanna iontaobhaithe”).

Céim 3 – Déan measúnú ar na cineálacha scileanna, eolais agus taithí atá

ag an mbord reatha, mar atá sainaitheanta sa mhaitrís scileanna, agus ar na réimsí ina bhfuil bearnaí.

Ní bheidh ag aon iontaobhaí carthanais aonair na scileanna uile atá liostaithe sa mhaistrís scileanna. Is é cuspóir an chleachtaidh ná léargas soiléir a fháil ar na scileanna, ar an eolas agus ar an taithí atá ag an mbord cheana agus a shainaithint cad atá in easnamh ag aon am ar leith. Cabhraíonn sé freisin le sainaithint a dhéanamh ar na réimsí sin inar féidir go mbeidh iontaobhaí carthanais ag iarraidh scileanna nua a ghnóthú. Tá an toilteanas chun scileanna nua a fhoghlaim agus an toilteanas chun scileanna atá ann cheana a úsáid agus a fheabhsú chomh bailí céanna agus bord éifeachtach éagsúil á fhorbairt agus téann an dá cheann díobh chun tairbhe d'fhorbairt phearsanta an iontaobhaí carthanais agus dá f(h)orbairt ghairmiúil ar aon.

Plean forbartha

A luaithe atá an breithmheas boird críochnaithe, beidh gá ann leis na freagraí uile a thiomsú agus a chur i láthair ag an gcéad chruinniú eile de chuid an bhoird lena bplé. Ba cheart do na comhaltaí Boird an tuarascáil a fháil roinnt laethanta roimh an gcruinniú scidealaithe chun go mbeidh deis acu na fionnachtana a bhreithniú. Is gá méid leordhóthanach ama a chur i leataobh don díospóireacht sin. Faoi dheireadh an chruinnithe, ba cheart don Bhord teacht ar chomhaontú ar na gnéithe is féidir a chur ar áireamh i bplean forbartha.

Tá na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar phróisis bhreithmheasa boird sa raon idir leasuithe measartha beag a dhéanamh ar phróisis bhoird, athruithe a dhéanamh ar chomhdhéanamh an bhoird agus mionathruithe a dhéanamh ar struchtúir fochoiste an bhoird ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, bearta suntasacha a dhéanamh chun aon nithe a sainaithníodh sna próisis bhreithmheasa a réiteach, ar nithe iad a meastar go gcuireann siad cosc ar an mBord na gnéithe uile, nó roinnt gnéithe, dá ról a chur i gcrích go héifeachtach. Tugann an próiseas sin deis d'iontaobhaithe freisin aird a tharraingt ar aon saincheisteanna a d'fhéadfaí a mheas a bheith íogair, e.g. comharbas boird

i gcás go bhfuil iontaobhaí ag fónamh le breis agus 9 mbliana. Is féidir go sainaithneofar réimsí oiliúna a theastaíonn ó iontaobhaithe carthanais aonair agus ón mbord i gcoitinne le linn an phróisis freisin. Chomh maith leis sin, is féidir leis an mbreithmheas a bheith ina uirlis úsáideach le haghaidh a chinneadh cé na scileanna ar cheart don charthanas díriú orthu agus é ag lorg iontaobhaithe carthanais nua amach anseo.

Agus breithniú á dhéanamh aige ar an bplean forbartha, ba cheart don charthanas smaoineamh ar bhealaí difriúla inar féidir tacú le hiontaobhaithe carthanais inniúlacht a bhaint amach i réimsí ina bhfuil easpa taithí acu. Is féidir leis an gcarthanas bearnaí ó thaobh scileanna, eolais agus taithí de a líonadh trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cur le scileanna na n-iontaobhaithe carthanais atá ann cheana;
- Iontaobhaithe carthanais atá ann cheana a oiliúint agus a uasoiliúint;
- Obair i gcomhar le carthanais eile nó saineolas a chomhroinnt leo; agus
- Iontaobhaithe carthanais nua a earcú chun bearnaí scileanna sonracha a líonadh.

Conclúid

Tugann an breithmheas boird deis don Bhord iontaobhaithe carthanais machnamh a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht trí shainaithint a dhéanamh ar na réimsí ina mbíonn ag éirí leo agus ar na réimsí inar gá dóibh feabhsú. Is féidir leis an bpróiseas aird a tharraingt ar mhionsaincheisteanna ar gá aghaidh a thabhairt orthu – e.g. páipéir bhoird a scaipeadh níos luaithe roimh chruinnithe chun gur féidir le hiontaobhaithe athbhreithniú a dhéanamh orthu – nó ar shaincheisteanna an-tábhachtach amhail treo amach anseo an charthanais. Is é an phríomhghné den phróiseas ná gur cheart don Bhord iontaobhaithe féachaint ar an bpróiseas breithmheasa boird mar dheis le haghaidh feabhas a bhaint amach, rud a chuirfidh an carthanas sa riocht is fearr chun a chuspóir carthanúil a chur ar aghaidh agus chun tairbhe phoiblí a sholáthar.

Aguisín 1 - Tá roinnt de na príomhcheisteanna a chuirtear le linn breithmheas boird de ghnáth ar áireamh sa tábla thíos.

Cuspóir Carthanúil a Chur ar Aghaidh	Tuairimí
<p>An bhfuil sé amhlaidh go dtuigeann an bord doiciméad rialaithe an charthanais agus go gcomhlíonann sé é?</p>	<p> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam </p>
<p>An bhfuil na hiontaobhaithe carthanais uile ar an eolas faoi chuspóirí agus tairbhe phoiblí do charthanais agus ar an dóigh a n-oibríonn do charthanas chun na nithe sin a bhaint amach?</p>	<p> <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam </p>
<p>An bhfuil sé amhlaidh go dtuigeann na hiontaobhaithe carthanais uile na hoibleagáidí atá orthu gníomhú le barr leasa an charthanais agus a thairbhíthe i gcónaí agus go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí sin?</p>	<p> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam </p>
<p>An bhfuil sé amhlaidh gur cheadaigh an bord plean bliantúil agus/nó buiséad bliantúil agus go ndearna sé meastóireacht fhoirmiúil bhliantúil ar fheidhmíocht iarbhír in aghaidh an phlean agus/nó an bhuiséid sin?</p>	<p> <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam </p>

Iompar le hionracas		Tuairimí
An bhfuil sé amhlaidh gur deimhin leat gur cheadaigh an Bord Cóid Iompair nuashonraithe agus gur scaipeadh iad sin ar gach comhalta Boird, ar gach bainisteoir agus ar gach fostaí?	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	
An bhfuil sé amhlaidh gur deimhin leat go mbíonn na nósanna imeachta a bhaineann le nochtadh leasanna comhaltaí Boird á gcomhlíonadh?	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	
An bhfuil sé amhlaidh gur deimhin leat go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm ag an mBord chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar choinbhleachtaí féideartha leasa agus ar fhaisnéis rúnda de chuid an lucht bainistíochta agus comhaltaí Boird?	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	
An bhfuil sé amhlaidh gur chomhaontaigh an bord tacar luachanna do do charthanas agus go bhfuil na luachanna sin mar bhonn agus thaca ag cinntí agus gníomhaíochtaí an charthanais?	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	
Daoine a stiúradh		Tuairimí
An bhfuil sé amhlaidh go gcinntíonn an bord go mbíonn socruithe cuí i bhfeidhm le haghaidh baill foirne agus/nó oibríthe deonacha a earcú, tacaíocht a thabhairt dóibh agus maoirseacht a dhéanamh orthu chun gur féidir leo obair go héifeachtach?	<input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	
An bhfuil ról agus freagrachtaí an bhoird sainithe agus curtha in iúl go soiléir i sainchuntais ról do gach post ar an mbord?	<input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	
An bhfuil sé amhlaidh gur deimhin leat go bhfuil na huirlisí riachtanacha uile i bhfeidhm ag an gcarthanas chun baill foirne agus/nó oibríthe deonacha a bhainistiú go héifeachtach (beartais, nósanna imeachta, sainchuntais phoist agus ról, taifid acmhainní daonna, etc.), nuair is infheidhme?	<input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	

Rialú a fheidhmiú	Tuairimí	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann na hiontaobhaithe carthanais formhaoirseacht fhóna airgeadais agus go gcinntíonn siad go mbainistítear acmhainní go cuí?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann an bord athbhreithniú ar na rialuithe agus na nósanna imeachta atá glactha ag an gcarthanais chun dearbhú réasúnach a thabhairt dó féin go bhfuil rialuithe agus nósanna imeachta den sórt sin leordhóthanach chun comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus rialachais a áirithiú?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann an bord sainaitheint agus athbhreithniú rialta ar na rioscaí a bhíonn roimh an gcarthanais agus go ngníomhaíonn tú chun na rioscaí sin a bhainistiú?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go n-oibríonn an carthanais de réir ceanglais dhlíthiúla agus rialála?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go lorgaíonn an carthanais sainchomhairle agus comhairle ghairmiúil, nuair is gá?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go dtuigeann na hiontaobhaithe carthanais na dualgais dhlíthiúla atá orthu, na ról atá acu agus na freagrachtaí atá orthu ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann araon?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	

Obair go héifeachtach	Tuairimí	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go nglacann na hiontaobhaithe carthanais uile freagracht chomhchoiteann as cinntí?</p>	<p><input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe</p> <p><input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith</p> <p><input type="checkbox"/> Níl a fhios agam</p>	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go dtaifeadtar cinntí ar bhealach foirmiúil, soiléir agus trédhearcach, rud a fhágann gur féidir gníomhaíocht leantach a dhéanamh i leith gníomhartha?</p>	<p><input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe</p> <p><input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith</p> <p><input type="checkbox"/> Níl a fhios agam</p>	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann na hiontaobhaithe carthanais uile rannchuidiú ag cruinnithe Boird agus idir an dá linn?</p>	<p><input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe</p> <p><input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith</p> <p><input type="checkbox"/> Níl a fhios agam</p>	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go dtagann an bord iontaobhaithe carthanais le chéile go minic go leor chun bheith éifeachtach?</p>	<p><input type="checkbox"/> Tá</p> <p><input type="checkbox"/> Níl</p>	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go mbíonn cruinnithe struchtúrtha agus táirgiúil agus go mbíonn iontaobhaithe carthanais dea-ullamh, tar éis dóibh an clár oibre, na miontuairiscí ar chruinnithe roimhe agus na tuarascálacha ar a mbeidh an díospóireacht bunaithe a léamh?</p>	<p><input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe</p> <p><input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith</p> <p><input type="checkbox"/> Níl a fhios agam</p>	
<p>An bhfuil tú sásta le cáilíocht na bpáipéar agus na miontuairiscí boird (e.g. níl siad rófhada, mínítear na príomh-shaincheisteanna agus na príomhthosaíochtaí go soiléir iontu, tá siad comhsheasmhach agus tráthúil)?</p>	<p><input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna</p> <p><input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe</p> <p><input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith</p> <p><input type="checkbox"/> Níl a fhios agam</p>	

<p>An bhfuil sé amhlaidh go gcuirtear méid leordhóthanach ama i leataobh le haghaidh díospóireachta agus cinnteoireachta ag cruinnithe agus go gcuirtear fuinneamh dóthanach isteach iontu?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go sealbhaíonn do bhord iontaobhaithe ag a bhfuil na scileanna agus an taithí a theastaíonn ó do charthanais?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go dtugann an carthanais deiseanna oiliúna agus forbartha d'iontaobhaithe carthanais?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go gcuireann tú bearnaí scileanna san áireamh agus iontaobhaithe á n-earcú agus á bhforbairt agat?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go bhfaigheann na hiontaobhaithe nua uile ionductú, áit a dtugtar tús eolais dóibh faoi na freagrachtaí atá orthu agus faoin gcarthanais?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil uastéarmaí oifige i bhfeidhm agat le haghaidh iontaobhaithe, chun a chinntiú go n-athnuaitear an bord?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go seiceálann tú ó am go chéile cé chomh maith agus a bhíonn do bhord ag feidhmiú?</p>	<ul style="list-style-type: none"> <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam 	

Bheith cuntasach agus trédhearcach	Tuairimí	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann do charthanas cumarsáid oscailte faoin gcarthanas féin agus faoina chuid oibre?</p>	<input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	
<p>An bhfuil a fhios agat cé hiad leas-sealbhóirí an charthanais, mar shampla úsáideoirí nó tairbhithe, oibrithe deonacha, deontóirí, etc.?</p>	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann tú cumarsáid éifeachtach le do leas-sealbhóirí agus go bhfuil tú freagrúil agus cuntasach dóibh?</p>	<input type="checkbox"/> Tá, i ngach cás <input type="checkbox"/> Tá, i bhformhór na gcásanna <input type="checkbox"/> Tá, i gcásanna áirithe <input type="checkbox"/> Níl, i gcás ar bith <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	
<p>An bhfuil nós imeachta gearán i bhfeidhm agat agus an bhfuil sé amhlaidh go bhfoghlaímíonn tú ó do bhotúin?</p>	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go ndéanann an bord cumarsáid le comhaltaí, le baill foirne, le hoibrithe deonacha, le tairbhithe agus le leas-sealbhóirí eile, go n-éisteann sé leo agus go dtugann sé freagra dóibh?</p>	<p>Tabhair Mionsonraí</p>	
<p>An bhfuil sé amhlaidh go gcomhlíonann an carthanas na hoibleagáidí dlíthiúla agus conarthacha uile chun faisnéis a sholáthar dá mhaoinitheoirí poiblí agus príobháideacha uile agus dá dheontóirí poiblí agus príobháideacha uile?</p>	<input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Níl a fhios agam	

Aguisín 2 - Maitrís Shamplach Scileanna Comhaltaí Boird

Tabhair faoi deara: Níl an mhairtís atá leagtha amach thíos ceaptha chun a bheith ina liosta uileghabhálach de na nithe ar cheart do Bhord breithniú a dhéanamh orthu, mar go mbeidh na scileanna a theastaíonn ag brath ar chuspóir carthanúil an charthanais agus ar mhéid agus castacht na heagraíochta.

Ba cheart na scileanna atá liostaithe a bheith ar na príomhscileanna a theastaíonn ó na hiontaobhaithe carthanais dá bhfuil an Bord comhdhéanta. Beidh scileanna forluiteacha eile ag formhór na n-iontaobhaithe carthanais, áfach.

Shainnithin an Bord ar [Ainm an Charthanais] an mhairtís thíos mar phríomhscileanna a theastaíonn ón mBord ina iomláine chun gur féidir leis a chuspóirí a chomhlíonadh. Chun cabhrú le comhaltaí nua a earcú agus a roghnú, is féidir an mhairtís scileanna a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar na scileanna agus na hinniúlachtaí atá ag an mBord cheana agus chun sainnithint a dhéanamh ar aon bhearnaí/aon leibhéil ísle chumhdaigh atá ann i ndáil leis na scileanna agus an taithí atá liostaithe.

An scil a theastaíonn ón gCarthanais	An chúis leis an réimse saineolais seo	An comhalta/na comhaltaí Boird reatha ag a bhfuil sain-inniúlacht sa réimse seo	Nótaí breise, más ábhartha
Pleanáil straitéiseach			
Bainistíocht airgeadais			
Cúrsaí dlí			
Rialachas/bainistíocht riosca			
Cruinniú airgid			
An dlí fostaíochta agus bainistíocht acmhainní daonna			
Eagraíochtaí a reáchtáil			
Bainistíocht tionscadal			
Díriú miondíola/tráchtála			
Taighde			
Caidreamh le leas-sealbhóirí			
Forbairt beartais			
TF/cibearshlándáil			

Aguisín 3 – Iniúchadh Samplach ar Scileanna Iontaobhaithe

Tabhair faoi deara: Toisc nach dtugtar sa tábla ach roinnt samplaí, níl sé ceaptha chun a bheith ina liosta uileghabhálach de na scileanna ba cheart d'iontaobhaí carthanais aonair a bheith aige/aici.

Is féidir le comhaltaí Boird an tábla a chomhlánú agus is féidir an tábla a úsáid mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin le haghaidh aon iontaobhaí carthanais nua agus chun bonn eolais a chur faoi phleanáil chomharbais.

	Réimsí ina bhfuil roinnt eolais ag an duine aonair	Réimsí ina bhfuil dea-thaithí phraiticiúil reatha ag an duine aonair	Réimsí ina bhfuil saineolas ag an duine aonair
Cumarsáid			
Airgeadas, go háirithe cuntasáocht carthanas			
Cruinniú airgid			
Rialachas			
Acmhainní daonna			
Teicneolaíocht faisnéise			
Cúrsaí dlí (an dlí carthanas, an dlí cuideachtaí, an dlí fostaíochta, an dlí sláinte agus sábháilteachta)			
Cur chun feidhme beartais			
Taighde			
Pleanáil straitéiseach, creataí straitéiseacha, córais			
Tacaíocht d'oibrithe deonacha			
TF/cibearshlándáil			

2. Cén cineál eile taithí nó scileanna atá agat, dar leat?

3. An bhfuil aon réimsí d'obair an charthanais ann a bhfuil spéis ar leith agat iontu agus/nó ar mhaith leat ról méadaithe a imirt iontu?

4. Tabhair mionsonraí gairide faoi aon chúrsaí ar thug tú fúthu sa bhliain seo a chuaigh thart, lena n-áirítear oiliúint rialachais/iontaobhaithe, oiliúint/forbairt obairbhunaithe agus/nó aon ghníomhaíochtaí eile forbartha/oiliúna.

Aguisín 4 - Ceisteanna atá le breithniú ag an iontaobhaí agus ag an duine atá i gceannas ar an athbhreithniú roimh an gcruinniú athbhreithnithe agus ag an gcruinniú féin

	Nóta de do fhreagraí chun ullmhú don chruinniú athbhreithnithe (an t-iontaobhaí agus an Cathaoirleach)	Nóta de na príomhphointí a pléadh agus de na gníomhartha a comhaontaíodh ag an gcruinniú athbhreithnithe (an t-iontaobhaí agus an Cathaoirleach)
Cad a bhí tú ag iarraidh rannchuidiú i mbliana nó nuair a chuaigh tú isteach sa charthanas?		
Cad a rannchuidigh tú ag cruinnithe Boird agus ag cruinnithe fochoiste?		
Cén rannchuidiú (ar leith) ba mhaith leat a dhéanamh sa todhchaí?		
Ar chuir aon rud cosc ort rannchuidiú?		
Ar mhaith leat aon cheann de na ról atá agat a athrú, e.g. do chomhaltas d'fhochoiste?		
An bhfuil sé mar aidhm agat a bheith i do Chathaoirleach ar fhochoiste (nó éirí as do ról mar Chathaoirleach)?		
An bhfuil sé beartaithe agat do théarma ar fad mar iontaobhaí a chur isteach?		
An bhféadfadh an Cathaoirleach aon rud eile a dhéanamh, dar leat, chun tacaíocht níos fearr a thabhairt duit nó don bhord chun bheith níos éifeachtaí?		

Aguisín 5 - Bileog Meastóireachta ar Chruinnithe Boird
Eochair Freagartha:

Aontaím go mór

5

4

Neodrach

3

2

Easaontaím go mór

1

1. Soláthraíodh na hábhair chruinnithe go tráthúil dom lena n-athbhreithniú.

5

4

3

2

1

2. D'fhág na hábhair a seoladh chugam roimh ré go raibh mé sách ullamh don chruinniú.

5

4

3

2

1

3. Bhí deiseanna leordhóthanacha agam na saincheisteanna a cuireadh i láthair inniu a plé agus ceisteanna a chur.

5

4

3

2

1

4. Bhí na míreanna ar chlár oibre an lae inniu oiriúnach dá bplé ag an mbord.

5

4

3

2

1

5. Tá tuiscint dhóthanach agam ar na saincheisteanna a cumhdaíodh.

5

4

3

2

1

6. Braithim go raibh cruinniú an lae inniu úsáideach.

5

4

3

2

1

Cad a bhí ar an rud is mó tairbhe ag an gcruinniú boird seo?

Cad a bhí ar an rud is lú tairbhe?

Mol aon mhíreanna eile lena gcur ar an gclár oibre do chruinnithe atá le teacht:

Tuairimí/moltaí eile:



An Rialálaí
Carthanas

Charities
Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid: Breithmheas Boird le
haghaidh Carthanas Chasta – Rev 000 - Samhain 2021

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0
Teileafón: 01 211 8600
www.charitiesregulator.ie
© An Rialálaí Carthanas 2021